RÚN (AE) 2022/1708 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VIII — an Ombudsman Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VIII — an tOmbudsman Eorpach,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0068/2022),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta (PBB) agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme;

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár shainaithin an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") aon laigí suntasacha i ndáil le hábhair iniúchta a bhaineann le hacmhainní daonna agus soláthar don Ombudsman Eorpach (an "tOmbudsman");

2. ag cur béim ar an bhfíoras gur tháinig an Chúirt ar an tátal, ar bhonn a cuid oibre iniúchóireachta, go raibh na híocaíochtaí ina n-iomláine as caiteachas riaracháin na n-institiúidí, lena n-áirítear caiteachas riaracháin an Ombudsman, saor ó earráid ábhartha don bhliain airgeadais 2020;

3. á chur in iúl gur geal léi nár bhraith an Chúirt aon saincheist shonrach maidir le rialtacht na n-idirbheart agus nár braitheadh aon saincheist shuntasach tar éis córas maoirseachta agus rialaithe an Ombudsman a scrúdú;

4. á chur in iúl gurb eol di go bhfuil Caibidil 9 "Riarachán" de Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte dírithe ar chaiteachas ar acmhainní daonna, ar fhoirgnimh, ar threalamh, ar fhuinneamh, ar chumarsáid agus ar an teicneolaíocht faisnéise agus gur thug an Chúirt le fios go bhfuil riosca íseal ag baint leis an gcaiteachas sin;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

5. ag tabhairt dá haire gur buiséad riaracháin é buiséad an Ombudsman den chuid is mó, agus go n-úsáidtear méid mór le haghaidh caiteachais a bhaineann le hacmhainní daonna, foirgnimh agus troscán, trealamh agus costais oibriúcháin ilghnéitheacha; ag tabhairt dá haire gurbh ionann é agus EUR 12 348 231 in 2020 (i gcomparáid le EUR 11 496 261 in 2019 agus EUR 10 837 545 in 2018);

6. ag tabhairt dá haire gurb é an ráta cur chun feidhme i dtéarmaí gealltanas (lena n-áirítear leithreasaí a tugadh anonn ó 2020 go dtí 2021) ná 94,91 % in 2020 (i gcomparáid le 92,33 % in 2019) agus gur íocadh 93,16 % d'iomlán na leithreasuithe in 2020 (i gcomparáid le 89,5 % in 2019 agus 91,3 % in 2018); á chur in iúl gur geal léi an méadú ar chur chun feidhme bhuiséad bliantúil an Ombudsman in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19;

7. ag tabhairt dá haire go ndéanann an tOmbudsman thart ar EUR 44 500 (nó 0,4 % dá bhuiséad) a ath-leithdháileadh trí aistriú inmheánach leithreasuithe nach mbaineann leis an údarás buiséadach agus EUR 1,37 milliún (nó 11,1 % dá bhuiséad) trí dhá aistriú sheachtracha leithreasuithe a bhaineann leis an údarás buiséadach; ag tabhairt dá haire ina theannta sin go rabhthas in ann na hath-leithdháiltí sin a dhéanamh mar gheall ar an gcoigilteas a tháinig as laghdú ar chaiteachas mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar athchóirithe a rinneadh ar chairt eagraíochtúil an Ombudsman;

8. ag tabhairt dá haire gurb é iomlán na n-íocaíochtaí ná EUR 11 503 768,06, rud a chomhfhreagraíonn do 93,16 % de bhuiséad 2020 (i gcomparáid le 89,51 % in 2019); ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, as na 537 n-íocaíocht san iomlán a rinneadh, gur cuireadh 99,4 % díobh 7 i gcrích in am, agus go ndearnadh na híocaíochtaí laistigh de 11,9 lá ar an meán, rud atá go mór faoi bhun an uasmhéid 30 lá atá ceadaithe;

9. ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar na leithreasuithe a tugadh anonn ó 2020 go 2021 arbh ionann iad agus EUR 215 895,65, arb ionann é sin agus 1,7 % de bhuiséad 2020, i gcomparáid leis na leithreasaí a tugadh anonn ó 2019 go 2020 (arb ionann iad agus EUR 323 410, arb ionann é sin agus 2,8 % de bhuiséad 2019); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur úsáideadh 74,31 % de na leithreasuithe a tugadh anonn ó 2019 go 2020 (i gcomparáid le 90,36 % in 2018);

10. ag aithint go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 in 2020 ar bhuiséad an Ombudsman trí laghdú a dhéanamh ar na speansais a rabhthas ag súil leo i ndáil le comhdhálacha (-109 % i gcomparáid le 2019), misin (89 % níos lú ná an méid a caitheadh in 2019) agus oiliúint don fhoireann (59 % níos lú ná an méid a caitheadh in 2019); á chur in iúl gurb eol di go bhfuil acmhainní curtha ar fáil leis an laghdú ar chaiteachas a ath-leithdháileadh ar chuid de na costais a bhaineann le hathshuíomh oifig na Bruiséile (le cur i gcrích in 2021); á chur in iúl gur geal léi an léiriú go bhfuil úsáid éifeachtach agus bharrfheabhsaithe á baint as acmhainní an Ombudsman;

11. ag tabhairt dá haire gur eagraigh an tOmbudsman trí ghlao ar thairiscintí in 2020, dhá chonradh ar luach an-íseal (suas le EUR 15 000) agus conradh amháin ar luach íseal (suas le EUR 60 000), nach raibh ach iarrthóir amháin ann mar gheall ar nádúr sonrach na hoiliúna a thairg an tairgeoir;

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach

12. á chur in iúl gur geal léi glacadh na straitéise "I dTreo 2024" i mí na Nollag 2020 ina leagtar amach an cur chuige a ghlacfaidh an tOmbudsman le linn shainordú 2020-2024 chun cabhrú le riarachán Aontais a bheidh níos cuntasaí, níos trédhearcaí, níos eitice agus níos éifeachtúla a chruthú, a mhéid is féidir, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail an sceipteachas faoin Aontas, dúshláin bheartais agus plean téarnaimh COVID-19; á mheas go bhfuil an cur chuige sin bunriachtanach chun éifeachtacht leanúnach a áirithiú agus chun muinín an phobail as an institiúid a mhéadú;

13. ag tabhairt dá haire go ndearna an tOmbudsman athbhreithniú ar a chairt eagraíochtúil in 2020, chun tacú leis an straitéis "I dTreo 2024", nós imeachta a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2021 nuair a earcaíodh an Stiúrthóir Riaracháin; á iarraidh ar an Ombudsman faireachán a dhéanamh ar thoradh na n-athruithe ar a struchtúr eagraíochtúil san fhadtéarma agus tuarascáil a chur i dtoll a chéile faoi; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go raibh torthaí dearfacha ar an struchtúir nua eagraíochtúil, struchtúr atá ag brath go mór ar chóras atá bunaithe ar mhuinín a chur san fhoireann agus a n-áirítear gnéithe ann amhail feabhas a chur ar thionchar agus éifeachtúlacht phróiseas an fhiosrúcháin trí dheireadh a chur le grádlathas iomarcach; cumarsáid inmheánach, comhordú agus obair chomhoibríoch idir foirne a éascú; foireann a chumhachtú chun taithí bhainistíochta a fháil mar cheannairí foirne; agus lucht saothair ildánach solúbtha a áirithiú; á chreidiúint go n-éascófar comhsheasmhacht agus cur chuige aonfhoirmeach trí fhoirne athbhreithnithe piaraí a bhunú agus go mbeidh feabhas ar cháilíocht na hoibre ar chásanna mar thoradh air sin;

14. á chur in iúl gurb eol di go bhfuil sé mar aidhm leis an gcomhthéacs nua an t-ualach oibre a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla trí chúntóirí a shannadh do láimhseáil na ngearán atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman, mar shampla trína mholadh do ghearánaigh teagmháil a dhéanamh leis an údarás is fearr atá in ann déileáil leo; á chur in iúl gur geal léi gur fhág an cinneadh beartais sin gurbh fhéidir leis na cúntóirí 22 % de na gearáin a fuarthas lasmuigh den sainordú a láimhseáil agus go raibh níos mó ama ag láimhseálaithe cásanna díriú ar fhiosrúcháin dá bharr sin; á iarraidh ar an Ombudsman liosta de na gearáin sin a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh;

15. ag tabhairt dá haire gur fhorbair an tOmbudsman tacar nua Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna) freisin mar aon leis na gníomhaíochtaí atá eagraithe faoi shé théama i bPlean Bainistíochta Bliantúil 2020, ar a ndíreoidh an Ombudsman in 2021, chun cabhrú le cur chun feidhme chuspóirí na straitéise "I dTreo 2024" a thomhas; ag tabhairt dá haire gur cuireadh na heochairtháscairí feidhmíochta san áireamh den chéad uair sa phlean bainistíochta bliantúil do 2021 agus go gcuirfear na torthaí san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2021; á chur in iúl gur geal léi gur baineadh amach torthaí ábhartha feidhmíochta, fiú le linn na paindéime, go háirithe maidir le heochairtháscairí feidhmíochta a sháraigh spriocanna inmheánacha;

16. á aithint, cé go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar líon na ngearán a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman, ní raibh an tionchar chomh mór sin tríd is tríd toisc nach raibh ach laghdú beag ar líon foriomlán na ngearán a cuireadh isteach (2 107 in 2020 i gcomparáid le 2 171 in 2019 agus 2 180 in 2018), agus ar líon foriomlán na ngearán a láimhseáladh (2 148 in 2020 i gcomparáid le 2 201 in 2019) araon;

17. ag tréaslú leis an Ombudsman as an leibhéal éifeachtúlachta a fheabhsú maidir le gearáin agus fiosrúcháin a láimhseáil trí chinneadh inghlacthachta a dhéanamh in aon mhí amháin i 98 % de chásanna (i gcomparáid le 91 % in 2019), trí fhiosrúcháin a dhúnadh laistigh de 6 mhí i 76 % de chásanna (i gcomparáid le 63 % in 2019) nó laistigh de 18 mhí i 97 % de chásanna (i gcomparáid le 90 % in 2019);

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil treocht dhearfach ann maidir leis an ráta éifeachtúlachta i dtaca leis an am a thógann sé gearáin a láimhseáil – 36 lá a thóg sé ar an meán in 2020 (i gcomparáid le 64 in 2019 agus 78 in 2018) – agus 133 lá a thóg sé ar an meán fiosrúchán a chur i gcrích in 2020 (i gcomparáid le 208 in 2019 agus 254 in 2018); ag tabhairt dá haire go bhfuil cóimheas na gcásanna a dúnadh (392) agus na bhfiosrúchán a osclaíodh (365) fós os cionn an phar, agus deimhnítear leis sin iarrachtaí an Ombudsman ó thaobh éifeachtúlachta de;

19. á chur in iúl gur geal léi an méadú atá tagtha ar chion na bhfiosrúchán a osclaíodh i gcásanna a bhaineann le leas an phobail, agus cuireadh tús le 65 fiosrúchán in 2020, i ndáil leis an sprioc de 50, agus i gcomparáid le 45 fiosrúchán a osclaíodh in 2019; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh cásanna a bhaineann le leas an phobail a bheith ábhartha do ghrúpa níos leithne daoine ná díreach an gearánach agus gur féidir feabhsuithe riaracháin teacht as sin, rud atá ina phríomhchuspóir de chuid straitéis an Ombudsman;

20. á chur in iúl gur geal léi na torthaí dearfacha a bhí ag an nós imeachta mear a fhágann gur féidir déileáil le gearáin a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid i bhfad níos tapúla ós rud é gurb é an meán-am anois trian den mhéid a bhí ann sular tugadh isteach an nós imeachta sin;

21. á thabhairt chun suntais gurb é 34 % céatadán na ngearán a tháinig faoi shainordú an Ombudsman in 2020, atá os cionn na sprice (33 %) ach faoi bhun chéatadán 2019 (39 %); ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go rabhthas in ann, de bharr chur i gcrích éifeachtúil na gcásanna, líon an-íseal fiosrúchán (92) a thabhairt ar aghaidh ó 2020 go 2021 (i gcomparáid le 117 fiosrúchán tugadh ar aghaidh ó 2019 go 2020);

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil feabhas tagtha ar ráta glactha mholtaí an Ombudsman (79 % in 2020 i gcomparáid le 77 % in 2019 maidir le glacadh iomlán) ach go bhfuil sé fós faoi bhun sprioc 90 %; ag tabhairt dá haire go ríomhtar an ráta glactha ag pointe áirithe ama agus nach léirítear leis na gníomhaíochtaí go léir a dhéantar ina dhiaidh sin chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Ombudsman;

23. ag tabhairt dá haire gur tugadh chun críche an lámhleabhar nua maidir le nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil agus gur ceapadh comhordaitheoirí bainistíochta eolais faoin gcairt eagraíochtúil nua a bhfuil a dtograí gníomhaíochta á gcur chun feidhme;

24. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nach ndearnadh aon ráitis tar éis don Chúirt fíorú a dhéanamh ar chórais mhaoirseachta agus rialaithe an Ombudsman, lena n-áirítear caighdeáin rialaithe inmheánaigh, bainistíocht riosca, rialuithe *ex ante* agus *ex post*, cláir eisceachtaí, maoirseacht bhainistíochta, tuarascálacha ar iniúchóireacht inmheánach agus bearta frith-chalaoise;

25. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil beart cúltaca agus maolaithe curtha i bhfeidhm ag an Ombudsman, tar éis moladh a fháil ón gCúirt, trína ndéantar oibríochtaí nach féidir leis an rialaitheoir *ex ante* iad a fhíorú a fhíorú ar bhonn *ex post*;

Acmhainní daonna, folláine foirne agus comhionannas inscne

26. ag tabhairt dá haire go raibh próifíl agus comhdhéanamh na foirne in 2020 an-chosúil le próifíl agus comhdhéanamh na foirne in 2019 agus 73 bhall foirne san iomlán ann, comhdhéanta de 37 n-oifigeach, 8 ngníomhaire ar conradh agus 28 ngníomhaire shealadacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú tagtha ar líon na ngníomhairí ar conradh (ó 11 cheann in 2019 go 8 gcinn sa bhliain 2020) agus á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoi chinneadh an Ombudsman gníomhairí ar conradh a fhostú go príomha chun neamhláithreachtaí i measc na foirne a chumhdach;

27. ag tabhairt dá haire gur ghlac an tOmbudsman beartais maidir le saoire tuismitheora in 2004, maidir le teilea-obair in 2016, ar obair pháirtaimseartha in 2019; á chreidiúint, ag tógáil ar an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19, gur cheart na beartais maidir le socruithe hibrideacha oibre a athbhreithniú i gcás inarb iomchuí d'fhonn cur le hathléimneacht agus éifeachtúlacht na hinstitiúide agus dea-bhail agus sásamh na mball foirne á gcosaint ag an am céanna; á chur in iúl gur eol di, ina leith sin, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an Ombudsman ar a bheartais fleisc-ama agus teilea-oibre, agus go bhfuil an cinneadh nua maidir le teilea-obair glactha cheana féin in 2021 tar éis dul i gcomhairle leis na hionadaithe foirne;

28. á chur in iúl gur geal léi freagairt thapa an Ombudsman ar na teorainneacha a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus glacadh na teilea-oibre mar chóras caighdeánach oibre, solúbthacht uaireanta oibre, agus filleadh ar oifig ar bhonn deonach agus i gcomhréir le bearta sábháilteachta arna nglacadh ag institiúidí an Aontais agus na rialacha náisiúnta faoi seach; ag tabhairt dá haire go ndearna an institiúid an teorainn 15 lá in aghaidh na bliana don teilea-obair thar lear a bhaint go sealadach agus gur chuir sí an deis sin ar fáil d'oiliúnaithe;

29. ag tabhairt dá haire gur mar gheall ar ullmhacht an Ombudsman i dtaca le leanúnachas gnó tríd is tríd a bhí sé in ann dul in oiriúint go tapa do phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire go raibh an timpeallacht TF a fhágann gur féidir leis an bhfoireann oibriú go hiomlán ó chian i bhfeidhm cheana féin, agus go raibh tástáil déanta uirthi, roimh thús na paindéime, rud a d'éascaigh an t-aistriú tapa chuig an teilea-oibriú go mór agus a chinntigh gur beag cur isteach a bhí ar obair an Ombudsman;

30. á chur in iúl gurb eol di go ndearna an tOmbudsman a ghníomhaíochtaí múscailte feasachta maidir le folláine a athcheapadh i bhfianaise phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi cur chuige an Ombudsman maidir le tús áite a thabhairt do chúrsaí oiliúna atá dírithe ar shaincheisteanna a bhaineann le déileáil le han-chuid teilea-oibre, feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhoibriú i measc ball foirne agus bainisteoirí, agus cothromaíocht a bhaint amach idir an saol príobháideach agus an obair le linn dóibh a bheith ag obair ó chian; á chur in iúl gur mór aici tionscnaimh chruthaitheacha amhail sosanna caife agus seisiúin lóin fhíorúla, mar aon leis an gcomhar idir Seirbhís Liachta na Parlaiminte chun tacaíocht shíceolaíoch a thairiscint; ag moladh don Ombudsman leanúint lena straitéis a fhorbairt d'fhonn cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir oibleagáidí príobháideacha na mball foirne agus leas na seirbhíse;

31. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an "beartas um fhilleadh chun oibre" in 2020, arb é is aidhm dó athimeascadh na foirne a éascú tar éis saoire bhreoiteachta ar feadh tréimhse fada, is cuma má tá an tsaoire bhreoiteachta nasctha leis an gcloíteacht nó nach bhfuil;

32. ag tabhairt dá haire gur tairgeadh tacaíocht shaincheaptha do bhaill foirne faoi strus agus go gcuirfear tús arís in 2021 leis an ngnáthoiliúint éigeantach maidir le "dínit agus meas ag an obair", do na baill foirne uile;

33. ag tabhairt dá haire gur seoladh tuarascáil chuig OLAF a chuir ball foirne isteach ar chiapadh líomhnaithe a d'eascair as láimhseáil cáis in 2018 go déanach in 2020, agus go bhfuil sé á imscrúdú; ag dréim leis, idir an dá linn, go bhfuil aon bheart is gá déanta ag an Ombudsman chun an t-íospartach líomhnaithe a chosaint; ag meabhrú a thábhachtaí atá an cúrsa oiliúna éigeantach faoin mbeartas frithchiaptha don fhoireann;

34. á aithint gur chuir iarmhairtí gan choinne phaindéim COVID-19 iallach ar an Ombudsman nuashonrú an bheartais éagsúlachta agus chuimsithe a chur ar athló; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil an beartas éagsúlachta agus cuimsithe i láthair i ngníomhaíochtaí na n-oifigí, lena n-áirítear oiliúint, comhdhéanamh na bpainéal roghnúcháin agus scaipeadh **spriocdhírithe** na nglaonna ar shealanna oiliúna; ag moladh don Ombudsman an próiseas a atosú d'fhonn an éagsúlacht a neartú agus ionad oibre níos cuimsithí a dhéanamh den Ombudsman, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas;

35. ag tabhairt dá haire go raibh dáileadh inscne de 66 % mná agus 34 % fir ann ar an 31 Nollaig 2020, gan aon athrú i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire, as 6 phost sinsearacha, go bhfuil 4 de na poist sin ag mná, a bhfuil an dá phost bainistíochta is sinsearaí acu freisin;

36. ag aithint go raibh tionchar dearfach ag na hiarrachtaí a rinneadh chun cothromaíocht inscne a bhaint amach i ngníomhaíochtaí oiliúna agus gurb é meánlíon na laethanta oiliúna in aghaidh an duine in 2020 ná 2,4 in aghaidh na mná agus 2,5 in aghaidh an fhir;

37. ag tabhairt dá haire go raibh 18 náisiúntacht ar fhoireann an Ombudsman in 2020, rud a chiallaíonn laghdú beag i gcomparáid le 2019, agus nach bhfuil na poist bhainistíochta ach roinnte idir 4 náisiúntacht (i gcomparáid le 6 in 2018 agus 5 in 2019); á iarraidh ar an Ombudsman leanúint dá hiarrachtaí dáileadh geografach inghlactha a bhaint amach, agus méid beag na hoifige á chur san áireamh, áfach;

38. ag tabhairt dá haire, in ainneoin phaindéim COVID-19, gur chuir an tOmbudsman fáilte roimh 13 oiliúnaí in 2020; á chur in iúl gur geal léi go raibh sé mar aidhm ag an Ombudsman na coinníollacha is fearr is féidir a áirithiú do thréimhsí oiliúna trí laghdú beag a dhéanamh ar líon na n-oiliúnaithe nua a thagann isteach agus iad a chur ag céimniú agus trí roghnúchán bliantúil amháin seachas dhá rogha bhliantúla a eagrú; á chur in iúl gur geal léi go gcuireann an tOmbudsman luach saothair cuibhiúil ar fáil do na hoiliúnaithe go léir chun costais mhaireachtála a chumhdach;

39. á thabhairt chun suntais gur glacadh bearta tráthúla chun tacú le hoiliúnaithe le linn na srianta oibre de bharr phaindéim COVID-19 trí uirlisí TF agus ábhar bonneagair eile a chur ar fáil, chomh maith le cnapshuim bhreise EUR 40 in aghaidh na míosa chun a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag oiliúnaithe nasc ardchaighdeáin idirlín a fháil;

Creat eitice agus trédhearcacht

40. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh leathanach speisialta ar inlíon an Ombudsman atá tiomnaithe d'eitic agus do dhea-iompar, go háirithe na treoirlínte maidir le cur chun feidhme an bheartais frithchiaptha a glacadh in 2019, chomh maith leis an bhfíoras go bhfuil seisiún maidir le hiompar eiticiúil san oiliúint ionduchtaithe do bhaill foirne agus d'oiliúnaithe nua; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil dhá chomhfhreagraí eitice ann mar phointe faisnéise agus mar chúnamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le heitic;

41. ag tréaslú leis an Ombudsman as a sceideal a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus as leas a bhaint go comhsheasmhach as an gClár Trédhearcachta chun a chinntiú go bhfuil na cainteoirí nó na hidirghabhálaithe in imeachtaí nó i gcruinnithe arna n-eagrú ag an Ombudsman cláraithe ann; ag moladh go láidir don Ombudsman leanúint den iarracht sin agus óstáil imeachtaí agus rannpháirtithe na gcruinnithe a fhoilsítear ar a shuíomh gréasáin a nascadh lena n-iontrálacha sa Chlár Trédhearcachta;

42. ag moladh go seolfaí suirbhé chun measúnú a dhéanamh ar fheasacht na mball foirne ar chreat eiticiúil an Ombudsman, mar a mholann an Chúirt do na hinstitiúidí iniúchta i dTuarascáil Speisialta 13-2019 uaithi: "Creatanna eiticiúla institiúidí iniúchta AE: an deis atá ann feabhas a dhéanamh";

43. á chur in iúl gur geal léi an Chomhdháil a eagraíodh faoi thodhchaí Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir leis an rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid institiúidí an Aontais, áit ar leag an tOmbudsman béim ar thábhacht an dlí ó thaobh a chur ar chumas an phobail an tAontas a thabhairt chun cuntais agus ar iarr sí go ndéanfaí é a nuachóiriú; á chur in iúl go bhfuil sí ar aon tuairim léi gur cheart é a ailíniú ar bhealach níos fearr le cearta na saoránach, gur cheart dó tuilleadh trédhearcachta a spreagadh agus gur cheart aird a thabhairt ann ar an gcásdlí atá ann cheana maidir le trédhearcacht sa chinnteoireacht; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gurb ionann saincheisteanna trédhearcachta agus thart ar an gceathrú cuid d'fhiosrúcháin an Ombudsman gach bliain;

Digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí

44. á chur in iúl gur geal léi go bhfoilsíonn an tOmbudsman fiosrúcháin go huathoibríoch ar a shuíomh gréasáin mura rud é go n-iarrann gearánach go sonrach go mbeadh sé faoi rún nó go bhfuil sonraí pearsanta i gcás;

45. ag tabhairt dá haire go raibh na príomhghníomhaíochtaí TF in 2020 dírithe ar leanúnachas gnó an Ombudsman a éascú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, lena n-áirítear aistriú furasta agus éifeachtach chuig cianobair do gach ball foirne agus réitigh nua do chruinnithe agus comhdhálacha ar líne; ag tabhairt dá haire go raibh méadú suntasach ar chaiteachas ar threalamh soghluaiste ó EUR 31 000 in 2019 go EUR 108 000 in 2020;

46. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta maidir le húsáid uirlisí TF mar a d'iarr an Pharlaimint, ag féachaint go sonrach d'allmhairiú uathoibríoch faisnéise ó shuíomh gréasáin an Ombudsman go dtí a Chóras Bainistíochta Gearáin (CMSEO), agus don fhorbairt san idirghníomhaíocht leis an ngearánach tríd an gcuntas ar líne ar feadh shaolré an ghearáin; á aithint go mbeidh feabhas suntasach i dtéarmaí slándála agus éifeachtúlachta sonraí mar thoradh ar an dá ghníomhaíocht;

47. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil na gníomhaíochtaí go léir a áirítear i bPlean Gníomhaíochta 2018 le haghaidh an Rialacháin ó AE maidir le Cosaint Sonraí curtha chun feidhme anois, lena n-áirítear (i) gur forbraíodh Clár Lárnach Taifead na n-oibríochtaí próiseála agus gur foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Ombudsman é; (ii) gur forbraíodh teimpléad le haghaidh Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí; (iii) gur ghlac an tOmbudsman Cinneadh maidir le rialacha inmheánacha chun srian a chur le cearta áirithe an duine is ábhar do na sonraí i bpróiseáil sonraí pearsanta, cinneadh a foilsíodh san Iris Oifigiúil;

([1]) IO L 145, 31.5.2001, lch. 43..

48. ag tabhairt dá haire go ndearna an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) imscrúdú ar an bpróiseáil a rinne an tOmbudsman ar shonraí pearsanta in 2019 agus gur chuir sé a chuid moltaí chuig an Ombudsman i mí na Samhna 2020; á chur in iúl gurb eol di gur ghlac an tOmbudsman leis na moltaí go léir ina n-iomláine agus go bhfuil an cás dúnta ag an MECS; á iarraidh ar an Ombudsman an t-údarás buiséadach a chur ar an eolas faoi thabhairt chun críche an phróisis i dtuarascáil bhliantúil na hoifige; á chur in iúl gurb eol di freisin gur iarr MECS ar an Ombudsman agus ar institiúidí eile an Aontais faisnéis a bhaineann le haistrithe sonraí chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur ar fáil agus á iarraidh ar an Ombudsman moltaí MECS a leanúint i ndáil leis sin;

49. á chur in iúl gur geal léi go n-úsáideann an tOmbudsman bogearraí foinse oscailte agus saor in aisce nuair is féidir le haghaidh cumarsáid sheachtrach agus inmheánach agus go gcuireann an tOmbudsman a n-úsáid chun cinn; á chur in iúl gur mór aici go n-aithníonn an tOmbudsman an breisluach a bhaineann le bogearraí foinse oscailte chun an trédhearcacht a mhéadú agus go dtugann sé tosaíocht dóibh nuair a bhíonn tionscadail TF nua á bhforbairt;

Foirgnimh agus slándáil

50. á chur in iúl gurb eol di go bhfuil dúshláin roimh an Ombudsman maidir le hathlonnú oifig na Bruiséile le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, trí shuirbhé ar an margadh agus nós imeachta tairisceana ina dhiaidh sin, gurbh fhéidir leis an bParlaimint foirgneamh oiriúnach a aithint chun áitreabh an Ombudsman a athlonnú sa Bhruiséil, mar gheall ar leathnú MECS;

51. ag tabhairt dá haire go ndearnadh cinneadh cuid de thionscadal athlonnaithe an Ombudsman a mhaoiniú agus costas an troscáin nua a chumhdach trí úsáid a bhaint as an gcoigilteas a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus an coigilteas a tháinig as an athbhreithniú ar chairt eagraíochtúil agus beartas earcaíochta an Ombudsman; ag tabhairt dá haire gur iarradh aistriú buiséid chuig an údarás buiséadach i mí Mheán Fómhair 2020;

52. á thabhairt chun suntais go bhfuil tosaíocht tugtha sna spásanna oibre nua do shaoráidí cruinnithe comhoibríocha solúbtha agus, dá bhrí sin, nach bhfuil ach fíorbheagán oifigí aonair ann; á chur in iúl gurb eol di go ndeachthas i gcomhairle leis na hionadaithe foirne maidir leis na socruithe a bhaineann le spás oibre; á iarraidh ar an Ombudsman measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an áitribh nua ó thaobh obair rúnda a dhéanamh agus sástacht na gcomhaltaí foirne a chur i gcrích tar éis tréimhse tástála iomchuí;

53. ag tabhairt dá haire nach mbeidh aon áiseanna páirceála ar an láthair ag áitreabh nua an Ombudsman ach go bhfuiltear ag smaoineamh ar chéimeanna chun áiseanna páirceála a sholáthar do rothair; á chur in iúl gur geal léi go n-éascófar roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe do bhaill foirne;

Comhshaol agus inbhuanaitheacht

54. ag moladh don Ombudsman leanúint dá chuid iarrachtaí a lorg comhshaoil a laghdú tríd an digitiú a spreagadh, úsáid páipéir a laghdú agus, nuair is féidir agus nuair is iomchuí, úsáid a bhaint as córais físchomhdhála in ionad misean;

55. ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú tagtha ar úsáid páipéir le blianta beaga anuas, rud atá léirithe ag an bhfíric gurbh ionann an t-ordú páipéir in 2020 agus 55 % den mhéid a leagadh síos in 2017; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndéantar foilseacháin an Ombudsman a dháileadh go leictreonach den chuid is mó; ag moladh go gcuirfí ar bun straitéis nithiúil "gan pháipéar";

56. á iarraidh ar an Ombudsman aird chuí a thabhairt ar an straitéis forbartha inbhuanaithe ina chuid cinntí bainistíochta agus an straitéis sin a chur san áireamh le linn dó a chuid fiosrúchán a chur i gcrích;

Cumarsáid agus ilteangachas

57. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil úsáid á baint as ailt nuachta ar líne chun fiosrúcháin reatha a mhíniú agus an roinn faoi shuíomh gréasáin an Ombudsman atá tiomnaithe do rochtain phoiblí ar cháipéisí a mhíniú;

58. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas maidir leis an bhféidearthacht achomharc a dhéanamh chuig an Ombudsman i gcás drochriaracháin a d'fhéadfadh a bheith déanta ag institiúidí an Aontais; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, go bhfuil iarrachtaí leanúnacha ar bun ag an Ombudsman a infheictheacht a mhéadú trí uirlisí caighdeánacha cumarsáide agus úsáid níos forleithne ardáin na meán sóisialta a thabhairt i dteannta a chéile;

59. ag tabhairt dá haire gur spéis leis an Ombudsman dul isteach in institiúidí Aontais áirithe i dtreoirthionscadal poiblí ar ardáin mheáin shóisialta mhalartacha atá dírithe ar na rioscaí príobháideachais a bhaineann le gnáthchainéil na meán sóisialta a mhaolú;

60. ag tabhairt dá haire gur eagraíodh comhdháil chun 25 bliana an Ombudsman a cheiliúradh agus go ndéantar gníomhaíochtaí gaolmhara chun cur leis an eolas agus leis an bhfeasacht ar a ról agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar shaol shaoránaigh an Aontais;

61. á mheas go bhfuil an chumarsáid inmheánach, an nuachtlitir '*EOExpress*' atá inrochtana trí inlíon an Ombudsman dearfach, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá atá le scaipeadh faisnéise ar bhaill foirne a mhéadú le linn thréimhse dhianghlasála COVID-19;

Comhar idirinstitiúideach

62. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Ombudsman leibhéal ard malartaithe agus comhoibrithe a choinneáil le Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO); ag moladh don Ombudsman ról comhairleach a choinneáil do ghearánaigh agus do bhaill ENO, trí úsáid a bhaint freisin as na huirlisí le haghaidh cianchomhair a imlonnaíodh go rathúil in 2020; ag moladh go bhféachfaí ar bhealaí nua chun gníomhaíochtaí líonraithe a fhorbairt i réimsí éagsúla, dea-chleachtais a roinnt agus réitigh choiteanna a fhorbairt;

63. á thabhairt chun suntais gur síníodh comhaontuithe idirinstitiúideacha éagsúla in 2020 le seirbhísí an Choimisiúin (Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna, Oifig an Phámháistir agus an Ardrúnaíocht) d'fhonn rochtain a fháil ar na huirlisí ábhartha corparáideacha (ABAC, Hermes, ARES, Sysper) agus na caibidlíochta leis an bParlaimint i ndáil le socrú riaracháin maidir le bainistiú géarchéime agus leanúnachas gnó (mar aon le hobair leantach ar mholadh an Iniúchóra Inmheánaigh); á chur in iúl gur geal léi go bhfuil úsáid á baint as creatchonarthaí idirinstitiúideacha TF; á iarraidh ar an Ombudsman leanúint de shineirgí agus acmhainní a fhorbairt le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais;

64. á chur in iúl gur eol di go bhfuil gealltanas tugtha ag an Ombudsman go gcuirfidh sí tuarascáil i dtoll a chéile faoin mbealach a gcomhlíonann na hinstitiúidí a cuid moltaí, go háirithe tríd an tuarascáil bhliantúil '*Putting it Right*'; á chur in iúl gur geal léi a réidhe atá an tOmbudsman a cuid cásanna a roinnt go réamhghníomhach le coistí na Parlaiminte; á mheas go bhfuil sé úsáideach agus á iarraidh ar an Ombudsman dá bhrí sin a cuid moltaí in imscrúduithe straitéiseacha a roinnt go díreach le coistí ábhartha na Parlaiminte i gcónaí;

Paindéim COVID-19

65. ag tabhairt dá haire go raibh baint ag 170, as an iomlán de 2 148 gearán nua ar déileáladh leo in 2020, le COVID-19, ach ní raibh ach 34 gearán laistigh de shainordú an Ombudsman; á chur in iúl gur geal léi moltaí an Ombudsman don Choimisiún agus don Chomhairle maidir le conas ardchaighdeáin trédhearcachta agus cuntasachta a choinneáil le haghaidh cinntí le linn phaindéim COVID-19; ag tréaslú leis an Ombudsman as an tsraith fiosrúchán agus tionscnamh a rinneadh i ndáil le freagairt COVID-19 in institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais in 2020, rud a chuidigh le lucht riaracháin an Aontais na caighdeáin is airde dea-riarachán a choinneáil fiú le linn tréimhsí dúshlánacha agus a rannchuidigh go dearfach dá bhrí sin le muinín na saoránach san Aontas;

66. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil éifeachtúlacht na láimhseála fiosrúchán méadaithe ag an Ombudsman tríd an leas is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí digitithe agus as modhanna oibre nua, go háirithe teilea-obair, arna gcothú ag paindéim COVID-19; á aithint, mar sin féin, go mbeidh gá fós le misin i roinnt gnéithe dá chuid oibre, eadhon tuiscint a fháil ar chomhthéacs an fhiosrúcháin agus an smaointeoireacht chomhchoiteann a éascú; ag moladh don Ombudsman machnamh cuimsitheach a dhéanamh ar an digitiú i ndáil le todhchaí na hinstitiúide;

67. ag moladh don Ombudsman na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19 a chomhtháthú ina straitéis bainistíochta inmheánach lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, leanúnachas gnó agus pleananna maidir le bainistiú géarchéime, freagrúlacht TF, athléimneacht na heagraíochta, cosaint shláinte agus dhea-bhail na foirne, éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus solúbthacht na bpróiseas oibre.